CEACHT
1.

CUR SÍOS AR AN CHEACHT

Sa chéad cheacht sa mhodúl, tabharfar eolas do na daltaí faoin dóigh ar thosaigh an Chéad Chogadh Domhanda agus déanfar scrúdú ar na daoine agus na tíortha is mó a bhí páirteach ann. Is intreoir é an ceacht don chomhar cogaidh in Éirinn agus déanfar fiosrú ar imeachtaí in Éirinn sular bhris an cogadh amach, lena n-áirítear an dóigh agus an fáth a raibh baint ag Éireannaigh sa choimhlint dhomhanda.

CUSPÓIRÍ AN CHEACHTA

1. Plé a dhéanamh ar na fáthanna a raibh an oiread sin tíortha gasta i mbun cogadh a fhógairt.
2. Na fáthanna ar spreagfadh Éireannaigh le liostáil in Arm na Breataine, nó ar mhothaigh siad go raibh orthu liostáil, a thuiscint.
3. Meáin dhigiteacha a úsáid le cuspóirí 1 & 2 a léiriú.

TORTHAÍ AN CHEACHTA

- Bheith ábalta a mhíniú go raibh fáthanna iomlán éagsúil ag aontachtaithe agus ag náisiúnaithe le páirt a ghlacadh sa chomhar cogaidh.
- Scileanna TFC a úsáid le tuiscint ar an topaic a chur in iúl.

BILEOGA EOLAIS AGUS TREORACHA

- Eochairfhaisnéis Cheacht 1
- Tascleathán M5L1
- Scéalchlár do Chruthú Greannáin
- Scéalchlár Eagarthóireacht Fuaime

DIGITEACH

- Áiseanna Breise Molta

BOGEARRAÍ

- Bogearraí Cruthaithe Greannáin
- Bogearraí Eagarthóireacht Fuaime

CRUA-EARRAÍ

- Clár Bán
- Ríomhairí / Ríomhairí Glúine
- Cluasáin / Micreafóin

© IWM (Q 33229)

GNÍOMHAÍOCHT	TORTHAÍ FOGHLAMA
Tús – Seinn físeán a léiríonn na himeachtaí ba chúis le tús an chogaidh. **(*Féach Áiseanna Breise Molta 4*)**	Tabharfaidh an físeán léargas do na daltaí ar na himeachtaí a bhain le tús an chogaidh agus réasúnú ar an dóigh ar tugadh spreagadh d'Éireannaigh ar fud an oileáin, nó ar mhothaigh siad féin iallach orthu, le dul isteach in Arm na Breataine le troid.
Beidh rogha gníomhaíochtaí ag múinteoirí ón Eochairfhaisnéis leis na daltaí a spreagadh. Thiocfadh le múinteoirí an rang a scoilt ina ghrúpaí agus iarraidh ar na daltaí na pointí plé a úsáid le gnéithe den Eochairfhaisnéis a phlé. Ansin roinnfidh na daltaí na rudaí a phléigh siad leis an rang. De rogha air sin, thiocfadh le múinteoirí na Ceisteanna/Tascanna a úsáid do phlé grúpa nó le heolas daoine aonair a thástáil. Tabharfaidh an ghníomhaíocht foghlaim ghníomhach deis do na daltaí foghlaim a dhéanamh agus eolas a roinnt i ngrúpaí agus ansin an méid a d'fhoghlaim siad a chur in iúl don rang. ***Más féidir, lig do na daltaí an topaic a thaighde ar an idirlíon – áiseanna breise molta/inneall cuardaigh.***	Tá an Eochairfhaisnéis ceaptha an fhaisnéis sa topaic a chlúdach agus na cuspóirí foghlama a chomhlíonadh. Tá na ceisteanna plé ar an Eochairfhaisnéis ceaptha na cuspóirí foghlama a chomhlíonadh leis an idirghníomhaíocht agus le C&F. Tá na ceisteanna ar an bhileog eolais ceaptha na cuspóirí foghlama a chomhlíonadh as na daltaí an fhaisnéis a thuiscint agus a chur i bhfeidhm. Ba cheart go dtabharfadh na gníomhaíochtaí éagsúla deiseanna foghlama do na daltaí agus iad ag idirghníomhú. Déanfaidh na gníomhaíochtaí eolas a dhaingniú agus plé a spreagadh fosta.
Plé iomlánach – Amharc ar phíosa faoi mhodhanna earcaíochta **(*Féach Áiseanna Breise Molta 3*)**. Cén tábhacht a bhí le fógraíocht earcaíochta maidir le dearcadh an phobail a chlaonadh i dtreo na cogaíochta?	Díreoidh an plé iomlánach ar na cineálacha fógraíochta agus modhanna earcaíochta a úsáideadh le fir a spreagadh le troid.

EOCHAIR FHAISNÉIS **1.**

CAD CHUIGE AR THARLA SÉ?

CÉRBH É FRANZ FERDINAND?

B'oidhre choróin na hOstaire agus na hUngáire é Franz Ferdinand. Bhí sé féin agus a bhean Sophie ar chuairt i Sarajevo nuair a scaoil Gavrilo Princip iad gur mharaigh an bheirt acu. Ba bhall de 'An Lámh Dubh' é Princip, grúpa feallmharfóirí Seirbiacha a raibh rún acu Ferdinand a mharú.

CÚLRA

Tharla Cath an Somme i mí Iúil 1916 agus tá sé ar na catha is clúití sa Chéad Chogadh Domhanda. Tosca éagsúla ba chúis le tús an chogaidh, ina measc dul chun cinn ag tíortha ceannasacha Eorpacha go luath san 20ú haois. Creidtear go forleathan gurb é feallmharú an Ard-Diúic Ostra-Ungáraigh Franz Ferdinand le linn cuairte ar Sairéavó ar an 28ú Meitheamh 1914 a spreag an choimhlint. Ba é an grúpa An Lámh Dubh a rinne é, grúpa a bhí ag iarraidh neamhspleáchais don tSeirbia ó Impireacht na hOstaire agus na hUngáire. I ndiaidh a dhúnmharaithe, d'fhógair an Ostair agus an Ungáir cogadh ar an tSeirbia ar an 28ú Iúil, 1914. Le tacaíocht a thabhairt don tSeirbia, d'ordaigh an Rúis dá cuid fórsaí slógadh ar an 29ú Iúil. Thug an Ghearmáin an t-ordú céanna an lá dár gcionn, agus d'fhógair sí cogadh ar an Rúis ina dhiaidh sin. Cúpla lá ina dhiaidh sin, ar an 4ú Lúnasa, 1914, i ndiaidh iarracht na Gearmáine ionradh a dhéanamh ar an Bheilg neodrach, d'fhógair an Bhreatain cogadh ar an Ghearmáin **(féach Dearcthaí 1)**.



NA CUMHACHTAÍ LÁIR

Nuair a géaraíodh ar an chogadh, bunaíodh na Cumhachtaí Láir le cur i gcoinne na gCumhachtaí Entente; ina measc bhí:

- an Ghearmáin
- an Ostaire-an Ungáir
- an Bhulgáir
- Impireacht na nOtamánach
- an Bhoisnia

NA CUMHACHTAÍ ENTENTE

Tháinig corradh le 25 tír ó gach cearn den domhan le chéile leis an Chomhghuaillíocht Entente a bhunú le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda; ina measc bhí:

- Impireacht na Breataine (An Ríocht Aontaithe, an Astráil, Ceanada, an India, an Nua-Shéalainn agus an Afraic Theas)
- an Fhrainc
- an Rúis
- an Iodáil
- na Stáit Aontaithe
- an tSeirbia
- an Bheilg

NA CUMHACHTAÍ NEODRACHA

Bhí tíortha áirithe ann ar fud an domhain nár ghlac páirt sa troid mar gheall ar chomhaontais agus ar chonarthaí; ina measc bhí:

- an Airgintín
- an Danmhairg
- Meicsiceo
- an Iorua
- an Spáinn

1.))) PLÉ

Cad chuige, dar leat, a raibh an oiread sin daoine ar bís ar dtús báire le liostáil agus le bheith páirteach sa chomhar cogaidh?

Bhrostaigh na mílte le liostáil cionn is go raibh cuid mhór daoine ag súil go mbeadh an comhrac thart faoin Nollaig (**féach Dearcthaí 2**). Bhí an cogadh ar siúl ar feadh dhá bhliain faoi Mí Iúil 1916 agus bhí na Cumhachtaí Comhghuaillíocha páirteach i straitéis de chomhionsaithe i gcoinne na gCumhachtaí Láir. Thug an Bhreatain agus an Fhrainc aghaidh ar fhórsaí na Gearmáine ar fud an cheantair i dtuaisceart na Fraince ar ar tugadh an Fronta Thiar.

AN FRONTA THIAR

Ceapadh é mar chomhionsaí de chuid fhórsaí na Fraince agus na Breataine i gcoinne na nGearmánach ag an Somme, ach d'éirigh cuid mhór d'fhórsaí na Fraince gafa le Cath Verdun a thosaigh i Mí Feabhra. Dá bharr, ní raibh an Fhrainc in ann an leibhéal céanna acmhainní a thabhairt don Somme, cath a bhí in ainm ligean do na Comhghuaillithe dul chun cinn mór a dhéanamh ach nach raibh ann ar deireadh ach teaictic le brú a laghdú ar fhórsaí na Fraince ag Verdun.



PRONI

CAD É A BHÍ AG TARLÚ IN ÉIRINN ROIMH AN CHOGADH?

Ba chuid den Ríocht Aontaithe í Éire i dtús an chogaidh in 1914. Bhí easaontas faoi thodhchaí na hÉireann i ndiaidh scoilt a chruthú idir aontachtaithe agus náisiúnaithe, agus Náisiúnaithe ag iarraidh parlaimint rialtas dúchais i mBaile Átha Cliath a mbeadh dlínse aici ar iomlán na hÉireann. Ar an taobh eile shínigh corradh le 470,000 aontachtaí Cúnant Uladh in 1912 le cur i gcoinne an tríú Bille Rialtas Dúchais. Bunaíodh Óglaigh Uladh (UVF) i mí Eanáir 1913 le cur in aghaidh iarracht ar bith rialtas dúchais a chur i bhfeidhm agus bhunaigh náisiúnaithe Éireannacha Óglaigh na hÉireann i Samhain 1913 mar fhreagairt air. Lean an díospóireacht ar aghaidh sa chéad leath de 1914 faoin fhéidearthacht go ndéanfaí Éire a chríochdheighilt. Nuair a d'fhógair an Bhreatain cogadh i Lúnasa 1914, cuireadh rialtas dúchais trí pharlaimint faoi dheifir ach cuireadh siar é go dtí deireadh an chogaidh.

2.))) PLÉ

Cad chuige a rabhthas ag fágáil contaetha i gCúige Uladh as rialtas dúchais?

3.))) PLÉ

An síleann tú go liostálfadh Éireannaigh ina sluaite murar ritheadh Rialtas Dúchais?

CAD É MAR A THARLA SÉ GUR THROID AONTACHTAITHE AGUS NÁISIÚNAITHE AR AN TAOBH CHÉANNA?

Tháinig athrach mór ar chúrsaí polaitíochta in Éirinn nuair a cuireadh rialtas dúchais ar an mhéar fhada. Liostáil tuairim is 80,000 Éireannach san arm sa chéad bhliain den chogadh, agus tháinig thart ar leathchuid acu siúd ó Ulaidh. Eagraíodh saighdiúirí Éireannacha go príomha i dtrí rannán nua den arm ar ar tugadh na hAirm Nua nó Arm Kitchener, a ainmníodh as an Rúnaí Cogaíochta.

Mheas aontachtaithe na hÉireann go raibh féiniúlacht Bhriotanach acu agus bhí fonn mór mothúchánach tírghrách orthu an fód a sheasamh agus troid ar son a dtíre agus í faoi bhagairt. Chuir an dualgas i leith a dtíre deireadh le haon smaoineamh gur thréig an rialtas iad maidir le rialtas dúchais.

Bhí cúiseanna níos casta ag náisiúnaithe le liostáil in Arm na Breataine. Ach ó tharla gur bronnadh rialtas dúchais, cé go mbeadh moill air, mhol John Redmond, ceannaire an náisiúnachais Éireannaigh, do gach duine tacú leis an chomhar cogaidh in óráid cháiliúil ag An Droichead Adhmaid i gContae Chill Mhantáin, ar 20ú Meán Fómhair, 1914 **(Féach Dearcthaí 4)**. Chruthaigh tacaíocht Redmond don chogadh scoilt i ngluaiseacht na n-óglach. Thaobhaigh tromlach na mball leis, agus thug siad na hÓglaigh Náisiúnta orthu féin. Choinnigh na baill a d'fhan sa bhaile an t-ainm Óglaigh na hÉireann agus bheadh ról tábhachtach acu in Éirí Amach na Cásca in 1916.

© IWM (Q 33229)

PRONI

PRONI

DEARCTHAÍ

1. "Mar gheall ar dhiúltú achomair Rialtas na Gearmáine d'iarratas ó Rialtas an Rí go dtabharfaí gealltanas aird a thabhairt ar neodracht na Beilge, tá a chuid pasanna faighte ag Ambasadóir an Rí chun Beirlín agus d'fhógair Rialtas an Rí do Rialtas na Gearmáine go bhfuil cogadh anois ann idir an Bhreatain Mhór agus an Ghearmáin ón 11pm ar Lúnasa 4, 1914.'

Ráiteas ón Oifig Gnóthaí Eachtracha, 4ú Lúnasa, 1914

2. "Is le deimhneacht iomlán, ní amháin den chríonnacht agus den cheart de, ach de na dualgais atá orainn le dúshlán na saincheiste móire seo a thabhairt, atá muid ag dul isteach sa chomhrac. Déanaigí muid cinnte de anois go gcuirfí ár n-acmhainní uilig san áireamh, ní acmhainní na Ríochta Aontaithe seo amháin ach acmhainní na hImpireachta móire a bhfuil sí ina croílár di fosta."

Herbert Asquith, in óráid i bParlaimint na Breataine, 6ú Lúnasa, 1914

3. "Beidh sibh ar ais sa bhaile sula dtitfidh na duilleoga de na crainn."

Kaiser Wilhelm in óráid do shaighdiúirí na Gearmáine, Lúnasa 1914

4. "Gabhaigí chuig cibé áit a bhfuil an líne thosaigh, leis an cheart, an tsaoirse agus an creideamh a chosaint sa chogadh seo. "Bheadh a mhalairt d'iompar ina ábhar náire dár dtír go deo."

John Redmond ag caint ar an 20ú Meán Fómhair 1914 ag An Droichead Adhmaid, Contae Chill Mhantáin.

5. "Tá na soilsí ag dul as ar fud na hEorpa: ní fheicfidh muid lasta arís iad lenár linn."

Arsa an Rúnaí Gnóthaí Eachtracha an Ridire Edward Grey an oíche roimh an chogadh, ar an 3ú Lúnasa, 1914

teaching divided histories
www.nervecentre.org/teachingdividedhistories

CEISTEANNA



GNÍOMHAÍOCHT BHREISE 1:

Roghnaigh cúig thír a bhaineann le gach catagóir leis an tábla thíos a chomhlánú.

NA CUMHACHTAÍ ENTENTE	NA CUMHACHTAÍ LÁIR	NA CUMHACHTAÍ NEODRACHA

GNÍOMHAÍOCHT BHREISE 2:

Bain úsáid as an áis Saolta an Chéad Chogaidh Dhomhanda (www.livesofthefirstworldwar.org), le taighde a dhéanamh ar dhuine ó do cheantar féin a chuaigh isteach in Arm na Breataine. Cruthaigh próifíl ghairid air a inseoidh an áit arbh as é, an ról a bhí aige, an áit a raibh sé lonnaithe agus an áit ar throid sé agus faisnéis ábhartha ar bith eile. Cuir do chuid torthaí i láthair mar léiriú.

TASC 1

Amharc ar na "Dearcthaí" éagsúla agus fiosraigh an teanga agus na híomhánna a d'úsáid daoine ar dhá thaobh na coimhlinte lena dteachtaireacht a chur in iúl. Mar shampla, cad é mar atá dearcadh Kaiser Wilhelm i gcomparáid le dearcadh Sir Edward Grey? Cén cineál teanga a d'úsáid ceannairí lena muintir a spreagadh nó a chur ar a suaimhneas? Cuir scamall focal le chéile bunaithe ar na dearcthaí thuas agus aimsigh na heochairfhocail agus na heochairfhrásaí a úsáidtear i ngach ceann acu. Cad é an teachtaireacht atá ag gach ráiteas? Cad iad na heochairfhocail agus na heochairthéarmaí i ngach ceann acu agus cad é a chiallaíonn siad?

Amharc ar ráitis eile ó cheannairí agus ón phobal mhór sa tréimhse sin - cad é mar atá na dearcthaí i gcomparáid leo? An léiriú beacht iad den tréimhse?

Cuir na dearcthaí i gcomparáid le frásaí agus ráitis den chineál chéanna ó cheannairí an lae inniu roimh chogaí. An bhfuil an teanga a úsáideadh san am inchurtha le teanga pholaiteoirí an lae inniu srl?

TASC 2

Nuair a thosaigh an cogadh in 1914, liostáil cuid mhór fear ó gach cearn d'Éirinn lena gcion a dhéanamh. Bhí fáthanna éagsúla ag cuid mhór acu le liostáil, ar a n-áirítear dílseacht don Bhreatain nó spreagadh óna gceannairí. Samhlaigh go raibh tú beo in 1914 agus go raibh tú sean go leor le dul isteach san arm. Cad é a thabharfadh ort liostáil agus dul chun cogaidh? An mothófá go raibh ort dul isteach san arm dá mbeadh daoine eile ó do phobal ag liostáil nó an ndéanfá cinneadh fanacht sa bhaile? Cad é mar a mhothófá faoi fhir ó phobail agus ó chúlraí eile ag dul isteach san arm agus an mbeifeá compordach ag troid in éineacht leo? Taifead na fáthanna éagsúla atá le do chinneadh dul isteach san arm nó fanacht sa bhaile agus cuir iad i láthair don rang.

Déan taighde ar dhaoine ó do phobal féin agus ar líon na ndaoine a bhí páirteach sa Chéad Chogadh Domhanda.

TASC MALARTACH

- **Rachaidh na daltaí isteach i ngrúpaí beaga. Gheobhaidh gach grúpa an eochairfhaisnéis agus roinnt ráiteas (gearrtha amach ón Tascleathán M5L1).**
- **Sa ghrúpa beidh codanna ar leith den Eochairfhaisnéis le léamh ag gach dalta. Is féidir go mbeidh taighde breise ar an idirlíon de dhíth i dtaobh ráiteas áirithe. Tiocfaidh na daltaí le chéile ansin agus socróidh siad cé acu fíor nó bréagach atá na ráitis.**
- **Mar ghrúpa, cuirfidh na daltaí na fíor-ráitis in ord agus pléifidh siad na fáthanna a dtiocfadh leis na ráitis bhréagacha bheith mícheart.**
- **Stiúrfaidh an múinteoir C&F ansin le go dtiocfaidh leis an ghrúpa a gcuid dtorthaí a roinnt leis an rang, agus cuirfidh siad torthaí a chéile i gcomparáid.**

ÁISEANNA BREISE MOLTA

1) http://www.bbc.co.uk/iplayer/episode/p0211xbs/ww1-uncut-7-origins-rap-battle#group=p01wzzdh - amhrán rap (ina bhfuil droch-chaint) a thugann spléachadh sultmhar, ar na himeachtaí ba chúis leis an chogadh
2) http://www.bbc.co.uk/education/clips/znj7pv4 - Fiosraíonn Jeremy Paxman imeachtaí sa Bhreatain roimh an chogadh
3) http://www.bbc.co.uk/education/clips/z36h34j - Fiosraíonn Jeremy Paxman modhanna earcaíochta le linn cogaidh
4) http://www.creativecentenaries.org/resource/animation-charts-start-first-world-war - Beochán 3T a dhíríonn ar imeachtaí ba chúis leis an Chéad Chogadh Domhanda
5) http://www.bbc.co.uk/programmes/p01s8wr6 - Podchraoladh a phléann óráid Redmond ag An Droichead Adhmaid
6) http://news.bbc.co.uk/1/hi/uk/3532588.stm - An dóigh ar thuairisc nuachtáin fógairt cogaidh na Breataine
7) http://www.telegraph.co.uk/news/ww1-archive/10926353/Daily-Telegraph-June-29-1914.html - Scrúdaigh an Daily Telegraph an lá i ndiaidh mharú Franz Ferdinand
8) http://www.creativecentenaries.org/outbreak-first-world-war - Fiosraigh líne ama idirghníomhach d'imeachtaí ba chúis le tús an Chéad Chogaidh Dhomhanda
9) http://www.bbc.co.uk/history/worldwars/wwone/launch_ani_somme_map.shtml - Léarscáil idirghníomhach de chath an Somme

1. Rinneadh iarracht cheana féin le Franz Ferdinand a bhuamáil sular scaoileadh agus maraíodh é

2. Bhí an Ostair-an Ungáir i bhfách le cogadh a thosú leis an tSeirbia

3. D'fhógair an Bhreatain cogadh ar an Ghearmáin le náisiúin bheaga a chosaint nuair a rinneadh ionradh ar an Bheilg

4. Ba chomhghuaillí de chuid na Gearmáine an Rúis ach níor aontaigh sí le gníomhartha na hOstaire-na hUngáire

5. Bhí níos mó tíortha bainteach leis na Cumhachtaí Láir ná mar a bhí leis na Cumhachtaí Entente

6. Ag tús an chogaidh, chreid cuid mhór daoine go mbeadh sé thart i gceann cúpla mí

7. Ba sa Ghearmáin a bhí an Fronta Thiar

8. Sular cuireadh tús le Cath an Somme, bhí fórsaí na Fraince páirteach i gCath Verdun

9. Ní raibh an chuid is mó de Náisiúnaithe Éireannacha ag iarraidh a bheith páirteach sa chomhar cogaidh

10. Spreag ceannaire Náisiúnaithe Éireannacha iad le bheith páirteach sa chomhar cogaidh

11. Bronnadh Rialtas Dúchais ar Éirinn i ndiaidh thús an chogaidh

12. Gheall aontachtaithe agus náisiúnaithe go dtroidfeadh siad taobh le taobh sa chogadh

13. Bhí Éireannaigh ar seirbhís in Arm na Breataine sular thosaigh an cogadh

14. Liostáil thart ar 40,000 fear ó Ulaidh in Arm na Breataine

15. Eagraíodh Éireannaigh go príomha i gcúig rannán nua den arm

16. Mheas idir aontachtaithe agus náisiúnaithe iad féin a bheith ina mBriotanaigh ag tús an chogaidh

17. Chruthaigh óráid John Redmond ag An Droichead Adhmaid scoilt i ngluaiseacht Óglaigh na Éireann

18. Ba é óráid John Redmond ag An Droichead Adhmaid ba chúis le hÉirí Amach na Cásca

TASCANNA DIGITEACHA

CUR SÍOS AR AN TASC

Déanfaidh na daltaí greannán aon leathanaigh a dhéanfaidh taifead ar imeachtaí roimh an Chéad Chogadh Domhanda agus ar fhógairt tíortha go mbeidh siad páirteach ann. Déan taighde ar íomhánna agus ar fhaisnéis ón idirlíon faoi na príomhthíortha a bhí páirteach agus faoina gceannairí agus úsáid i do ghreannán iad (nó thiocfadh leis an mhúinteoir íomhánna agus faisnéis a aimsiú roimh an cheacht).

PLEAN

Gheofar íomhánna agus faisnéis ón idirlíon agus dearfar iad ina scéalchlár.

- Cuirfidh an múinteoir téarmaí cuardaigh ar fáil do na daltaí agus gheobhaidh siad íomhánna agus téacs atá fóirsteanach ón idirlíon - iarr ar na daltaí smaoineamh a dhéanamh ar iontaofacht agus oibiachtúlacht na faisnéise a gheobhaidh siad.
- Aimseoidh agus roghnóidh na daltaí íomhánna/téacs atá le húsáid agus sábhálfaidh siad iad go cuí i bhfillteán tiomnaithe ar a bhfuil comhadainm ciallmhar.
- Coinneoidh na daltaí cuntas ar na suíomhanna ar thug siad cuairt orthu i ndoiciméad a shábhálfaidh siad.
- Úsáidfidh na daltaí na híomhánna agus an fhaisnéis a fuair siad agus dearfaidh siad a ngreannán ar scéalchlár.

DÉAN

Úsáidfidh na daltaí íomhánna agus bolgáin chainte/boscaí fotheidil le cur síos ar rannpháirteachas gach tíre, na dátaí san áireamh. Úsáidfidh na daltaí 5 íomhá atá faighte acu ar a laghad. Is féidir go dtabharfaidh roinnt daltaí fáth ar mhothaigh tíortha áirithe go raibh orthu cogadh a fhógairt. Déanfaidh na daltaí an píosa oibre a easpórtáil i bhformáid comhaid chuí (m.sh. JPEG) lena chríochnú.

- Spreag na daltaí le smaoineamh ar mhéid agus ar stíl an chló, méid agus bearradh na n-íomhánna, na dathanna a úsáidtear agus na huirlisí atá ar fáil dóibh sa phacáiste bogearraí.
- Cuir i gcuimhne do na daltaí a gcuid oibre a shábháil i bhfillteán tiomnaithe ar a bhfuil comhadainm ciallmhar.

SÚIL SIAR

Tabhair deis do na daltaí amharc ar obair a chéile. Cuir an obair is fearr ar taispeáint ar an chlár bhán nó ligean do na daltaí siúl thart an seomra leis an deis sin a thabhairt dóibh.

Iarr ar na daltaí, i bhfianaise an aiseolais ó dhaltaí eile, a roghanna agus cinntí a chosaint, agus deacrachtaí ar bith le cruthú an ghreannáin a lua. Is féidir seo a dhéanamh i ndoiciméad a shábhálfaidh siad.

TASCANNA DIGITEACHA

TASC EAGAR-THÓIREACHT FUAIME

CUR SÍOS AR AN TASC

Oibreoidh na daltaí i bpéirí le mír nuachta raidió a scríobh agus a thaifeadadh, agus le heagarthóireacht a dhéanamh uirthi. Tabharfaidh an mhír nuachta míniú ar óráid Redmond ag An Droichead Adhmaid agus ar na tosca a bhain léi. Tabharfaidh an script eolas faoin fháth ar tharla an óráid agus faoi fhreagairtí na ndaoine i ndiaidh dóibh éisteacht le hóráid John Redmond. Amharc ar chuntais nuachta ó fhinnéithe súl agus ar thuairiscí den lá agus ar ar tharla dá bharr leis an topaic a thaighde. Ansin, scríobhfaidh an bheirt daltaí script d'agallamh raidió, bunaithe ar an taighde atá déanta acu, idir tuairisceoir agus daoine a bhí i láthair ar an imeacht. Mairfidh an taifeadadh 1 bhomaite ar a laghad.

PLEAN

Gheofar faisnéis ón idirlíon agus úsáidfear í le script a scríobh.

- Tabharfaidh an múinteoir téarmaí cuardaigh do na daltaí agus gheobhaidh siad íomhánna, físeáin agus ailt nuachta fhóirsteanacha ón idirlíon – iarr ar na daltaí smaoineamh ar iontaofacht agus oibiachtúlacht na faisnéise a gheobhaidh siad.
- Aimseoidh agus roghnóidh na daltaí faisnéis atá le húsáid agus sábhálfaidh siad é go cuí i bhfillteán tiomnaithe ar a bhfuil comhadainm ciallmhar (thiocfadh gur íomhánna nó sleachta a chuidigh leo an script a scríobh a bheadh ann).
- Coinneoidh na daltaí cuntas ar na suíomhanna ar thug siad cuairt orthu i ndoiciméad a shábhálfaidh siad.

DÉAN

Úsáidfidh na daltaí an fheidhm taifid ar na bogearraí eagarthóireacht fuaime, m.sh. Audacity, lena script a thaifeadadh agus uirlisí éagsúla eagarthóireachta lena dtaifeadadh a chur in eagar (m.sh. uirlis roghnúcháin, uirlis aistrithe ama, cóirigh, ciúnas, srl.). Nuair a bheidh an taifeadadh curtha in eagar, déanfaidh an bheirt an comhad fuaime a easpórtáil i bhformáid comhaid chuí (WAV / MP3).

- Spreag na daltaí le machnamh a dhéanamh ar mhothúcháin an chraoltóra atá i gceist agus ar bhailíocht na faisnéise sa chraoladh. Thig le daltaí maisíochtaí fuaime a thriail ach caithfidh siad smaoineamh ar riachtanas agus oiriúnacht na maisíochta seo.
- Cuir i gcuimhne do na daltaí a gcuid oibre a shábháil i bhfillteán tiomnaithe ar a bhfuil comhadainm ciallmhar.

SÚIL SIAR

Tabhair deis do na daltaí amharc ar obair a chéile. Seinn an obair is fearr nó lig do na daltaí siúl thart an seomra leis an deis sin a thabhairt dóibh.

Iarr ar na daltaí, i bhfianaise an aiseolais ó dhaltaí eile, a roghanna agus cinntí a chosaint, agus deacrachtaí ar bith le cruthú an chomhaid fuaime a chur san áireamh. Is féidir seo a dhéanamh i ndoiciméad a shábhálfaidh siad.